An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0020/2025**

**Chuig: Na Boird Bhainistíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais, cé is moite de Phobalscoileanna Náisiúnta agus Iar-bhunscoileanna BOO**

# Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile arna Maoiniú Roimhe Faoi Mhaoiniú Deontas Coimhdeach

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá le héifeacht ón 1 Márta 2025

### Réamhrá

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistithe agus Rúnaithe Scoile a chur ar an eolas faoi rátaí athbhreithnithe tuarastail na rúnaithe scoile a mhaoinítí roimhe seo faoi mhaoiniú deontas coimhdeach.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo an scála nua i ndiaidh ailíniú comhaontaithe le harduithe pá náisiúnta. Ní bhaineann na méaduithe go díreach ach le rúnaithe a d’aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua arna dtairiscint faoi chomhaontú Feabhra 2022.

3. Cuirfear na méaduithe i bhfeidhm agus íocfar iad trí chóras párolla na Roinne agus ní gá do scoileanna beart ar bith a dhéanamh.

4. Tá pá agus coinníollacha eile rúnaithe nár aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua fós ina ábhar don scoil, mar fhostóir.

### Méaduithe ar Thuarastail

5. Méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 2% (nó €1,000 cibé acu is mó) le héifeacht ón 1 Márta 2025.

6. Cuirtear téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí tuarastail athbhreithnithe don fhoireann lena mbaineann le héifeacht ón 1 Márta 2025 agus tá siad leatha amach in Aguisín 1. Tá na rátaí comhfhreagracha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile san áireamh chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt do rúnaithe.

7. Tá rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile ceangailte le hAguisín 2.

8. Le héifeacht ón 1 Márta 2025, tá téarmaí an Chiorcláin seo curtha in ionad na scálaí tuarastail uile agus na rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire uile iníoctha le Rúnaithe Scoile a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

9. Pléifear le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

10. Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus go ndíreofar aird na Rúnaithe uile atá fostaithe agat ar an méid atá inti, chomh maith leo siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

11. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

12. Ba cheart fiosruithe párolla aonair a chur ar aghaidh mar seo a leanas; https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/payroll-query-form

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Párolla

27 Feabhra 2025

**Aguisín 1**

**Rúnaithe Scoile**

| Rúnaí Scoile | Rátaí ó 01/03/2025 | Rátaí in aghaidh na huaire ó 01/03/2025 |
|---|---|---|
| | €30,811 | €15.96 |
| | €32,543 | €16.86 |
| | €32,969 | €17.08 |
| | €33,836 | €17.53 |
| | €35,099 | €18.18 |
| | €36,366 | €18.84 |
| | €37,635 | €19.49 |
| | €38,553 | €19.97 |
| | €39,596 | €20.51 |
| | €40,803 | €21.13 |
| | €41,661 | €21.58 |
| | €42,860 | €22.20 |
| | €44,067 | €22.82 |
| | €46,335 | €24.00 |
| | €46,335 | €24.00 |
| | €46,335 | €24.00 |
| **Incrimint Fadseirbhíse*** | €47,946 | €24.83 |

** i ndiaidh 3 bliana ar a mhéad de sheirbhís shásúil*

**AGUISÍN 2:**

| | Ráta Leanúnach ón 01/03/2025 | Ráta Saoire Bliantúil Reachtúil ó 01/03/2025 |
|---|---|---|
| **Rúnaí Scoile Ionaid** | €14.68 | €1.28 |

**AGUISÍN 3:**

| | Ráta Leanúnach ón 01/03/2025 |
|---|---|
| **Coimhdeacht Bus** | €14.68 |